Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13244/21**

**CONOP 69**
**COARM 213**
**CODUN 48**
**CFSP/PESC 1006**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an 6ú Comhdháil chun Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún maidir le Toirmisc nó Srianta ar Úsáid Gnáth-Arm Áirithe (CCW) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an 6ú Comhdháil chun Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún maidir le Toirmisc nó Srianta ar Úsáid Gnáth-Arm Áirithe (CCW), mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3826ú cruinniú a bhí aici an 15 Samhain 2021.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN SÉÚ COMHDHÁIL CHUN ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR AN gCOINBHINSIÚN MAIDIR LE TOIRMISC NÓ SRIANTA AR ÚSÁID GNÁTH-ARM ÁIRITHE A MHEASFAÍ A BHEITH RÓDHÍOBHÁLACH NÓ A MEASFAÍ ÉIFEACHTAÍ NEAMH-IDIRDHEALAITHEACHA A BHEITH ACU (CCW)

**(AN GHINÉIV, AN 13-17 NOLLAIG 2021)**

1. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach an Séú Comhdháil chun Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún maidir le Toirmisc nó Srianta ar Úsáid Gnáth-Arm Áirithe a mheasfaí a bheith Ródhíobhálach nó a mheasfaí Éifeachtaí Neamh-Idirdhealaitheacha a bheith acu (CCW) a bheidh ar siúl sa Ghinéiv ón 13 go dtí an 17 Nollaig 2021.

2. Is deis é an Séú Comhdháil Athbhreithnithe cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a neartú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go leanfaidh an Chomhdháil de bheith freagrúil d'fhorbairtí nua. Meabhraítear don Aontas nach mór dúinn gach iarracht a dhéanamh leanúnachas oibríochtúil agus todhchaí an Choinbhinsiúin a chaomhnú mar phríomh-ionstraim den Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta (DDI).

3. Cuireann an tAontas i dtreis gur fóram idirnáisiúnta uathúil é CCW lena dtugtar le chéile saineolas taidhleoireachta, dlíthiúil agus míleata. I bhfianaise na ndúshlán ar leith a bhaineann le hairm a mheastar a bheith ródhíobhálach nó a mheastar éifeachtaí neamh-idirdhealaitheacha a bheith acu, a bhuí leis an saineolas sin glacadh srianta ar úsáid arm sonracha, amhail armáin loiscneacha, mar a chódaítear i bPrótacal III, agus toirmisc ar úsáid arm sonrach, mar a léirítear i bPrótacal IV um airm léasair dhalltacha. De thoradh air sin, i measc nithe eile, tugtar bealach solúbtha sa Choinbhinsiún chun freagairt do na nuafhorbairtí a dhéantar ar theicneolaíochtaí arm agus chun tacú le cuid riachtanach de DDI a chur chun feidhme, lena gcuidítear le fulaingt na sibhialtach agus na gcomhraiceoirí araon a chosc agus a laghdú.

4. Meabhraítear don Aontas go bhfuil CCW agus na Prótacail a ghabhann leis mar dhlúthchuid bhunriachtanach de DDI agus athdhearbhaíonn sé a thiomanta atá an tAontas agus a Bhallstáit DDI a urramú agus a chomhlíonadh ina iomláine, agus leanúint de Threoirlínte an Aontais maidir le Comhlíonadh an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta a chur chun cinn a chur chun feidhme go hiomlán.

5. Cuireann an tAontas i dtábhacht a thábhachtaí atá uiliú an Choinbhinsiúin agus a chuid Prótacal, ar príomhthosaíocht de chuid an Aontais i gcónaí é. Tacaíonn an tAontas le gach iarracht chun uilíocht an Choinbhinsiúin agus a chuid Prótacal a chur chun cinn, agus molaimid go láidir do na tíortha uile nár aontaigh dóibh go fóill é a dhéanamh a luaithe agus is féidir. Cuireann an tAontas i dtreis an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht agus le muinín a chruthú i gcur chun feidhme CCW agus na Prótacail a ghabhann leis agus molann sé do na hArdpháirtithe Conarthacha tuarascálacha mionsonraithe a chur i gcrích ar bhonn rialta.

6. Is díol sásaimh don Aontas an obair atá déanta le blianta beaga anuas ag an nGrúpa Saineolaithe Rialtais um teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse na gcóras arm uathrialaitheach marfach agus aithníonn sé an rannchuidiú suntasach atá déanta ag an ngrúpa leis an tuiscint atá againn ar an ábhar casta seo agus le teacht ar chomhthuiscint. Cuireann an tAontas i dtábhacht go bhfuil sé tábhachtach go leanfaidh an Grúpa Saineolaithe Rialtais dá chuid iarrachtaí, lena n-áirítear san ullmhúchán don Séú Comhdháil Athbhreithnithe CCW, bunaithe ar shainordú daingean, chun dul chun cinn a éascú. Cuireann an tAontas i dtreis gurb é CCW an fóram idirnáisiúnta ábhartha i ndáil leis an méid sin agus go bhfuil sé ag súil go mbainfidh sé torthaí amach. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí leanúint dá iarrachtaí sa Ghrúpa Saineolaithe Rialtais d'fhonn a áirithiú go léireofar leis an toradh a riachtanaí atá sé an Dlí Idirnáisiúnta a chomhlíonadh, go háirithe an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta, agus breithnithe eiticiúla ábhartha á gcur san áireamh. Cuireann an tAontas i dtábhacht nach mór do dhaoine cinntí a dhéanamh maidir le húsáid fórsa mharfaigh, rialú a dhéanamh ar chórais arm marfach a úsáideann siad agus a bheith freagrach as cinntí maidir le húsáid fornirt chun a áirithiú go bhfuil an Dlí Idirnáisiúnta, go háirithe an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta, á chomhlíonadh.

7. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí an fhulaingt agus an díobháil a dhéanann mianaigh, bobghaistí agus feistí eile a laghdú. Is ionstraim thábhachtach den Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta é Prótacal II leasaithe agus iarraimid ar gach Stát nár aontaigh dó go fóill é a dhéanamh.

8. Is cúis mhór imní don Aontas diantionchar leanúnach na n-ionsaithe ó ghairis phléascacha sheiftithe (IED) ar fud an domhain agus a n-úsáid agus a n-iarmhairtí neamh-idirdhealaitheacha, go háirithe agus gníomhartha sceimhlitheoireachta á ndéanamh. Déanann úsáid gairis phléascacha sheiftithe i gcoinne pobail agus bonneagar sibhialta, lena n-áirítear córais cúraim sláinte, dochar daonnúil scanrúil, go háirithe i gceantair uirbeacha, agus teastaíonn freagairt phráinneach ina leith. Tá gá le hiarrachtaí chun cosc, ullmhacht agus freagairt a neartú chun dul i ngleic leis an mbagairt dhomhanda. Tá gá le malartú córasach faisnéise maidir le teagmhais a bhaineann le gairis phléascacha sheiftithe chun bearta cosanta iomchuí a fhorbairt. Ba cheart rochtain ar ábhar réamhtheachtach a shrianadh trí dhiúscairt thráthúil fuílligh phléascacha chogaidh, i gcomhréir leis an oibleagáid faoi Phrótacal V, agus trí stoc-chairn armlón a bhainistiú go sábháilte. Ba cheart bealaí gáinneála d’ábhar pléascach réamhtheachtach a shainaithint agus a chomhrac. Ní mór dí-éilliú a dhéanamh i gcomhar leis na hiarrachtaí i gcoinbhinsiúin dí-armála eile, amhail an Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Mhianaigh Fhrithphearsanra, ina bhfuil oibleagáid ar Stáit is Páirtithe gach cineál mianach frithphearsanra a imréiteach, lena n-áirítear mianaigh fhrithphearsanra de chineál seiftithe.

9. Cáineann an tAontas go láidir gach úsáid a bhaintear as mianaigh fhrithphearsanra, lena n-áirítear mianaigh fhrithphearsanra de chineál seiftithe, ar sáruithe iad ar an norm i gcoinne mianach frithphearsanra. Dar leis an Aontas Eorpach go bhfuil sé do-ghlactha mianaigh fhrithphearsanra a úsáid in áit ar bith, ag am ar bith, agus ag gníomhaí ar bith. Iarraimid ar na gníomhaithe uile staonadh ó mhianaigh fhrithphearsanra a tháirgeadh, a fháil, a stoc-charnadh, a thrádáil, a choinneáil nó a aistriú agus stop a chur le húsáid mianach frithphearsanra, bíodh siad monaraithe go tionsclaíoch nó seiftithe, ar fud na cruinne. Tá an t-ualach a chuirtear ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh, ar phobail, ar réigiúin agus ar Stáit mar gheall ar mhianaigh fhrithphearsanra agus fuílligh phléascacha chogaidh ró-ard. Mar cheann de príomhsholáthraithe comhair agus cúnaimh don chomhrac mianach, tacaíonn an tAontas leis na Stáit is Páirtithe a ndéanann mianaigh difear dóibh agus iad ag iarraidh a ngealltanais faoin gCoinbhinsiún a bhaint amach. Ó 2018 i leith, tá EUR 280 milliún tugtha ag an Aontas do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomhrac mianach. Ina theannta sin, tá Ballstáit an Aontais ar na deontóirí is mó ar fud an domhain don chomhrac i gcoinne mianach. Is léir go bhfuil gá le comhar, cúnamh agus slógadh acmhainní neartaithe i dtreo domhan atá saor ó mhianaigh. Is dúshlán mór é easpa acmhainní airgeadais agus iarrann an tAontas ar na gníomhaithe uile, idir phoiblí agus phríobháideach, féachaint le chéile ar roghanna le haghaidh foinsí nua agus malartacha cistiúcháin.

10. Maidir le Mianaigh seachas Mianaigh Frithphearsanra (MOTAPM), cuireann an tAontas chun suntais an tionchar daonnúil agus na hiarmhairtí tromchúiseacha ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch atá mar thoradh ar úsáid neamh-idirdhealaitheach díréireach na mianach sin. Aithníonn na Stáit is Páirtithe gur airm dhlisteanacha iad MOTAPM, ach tá sé d’oibleagáid orthu a áirithiú go n-úsáidfear iad i gcomhréir le DDI, lena n-áirítear trí gach réamhchúram is féidir a ghlacadh, chun saoránaigh a chosaint ar éifeachtaí na n-arm sin. Creideann an tAontas gurbh iomchuí do na Stáit is Páirtithe tuilleadh plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí a áirithiú go ndéanfaí Prótacal Leasaithe II a chomhlíonadh, maidir le MOTAPM freisin. Dá bhrí sin, ba cheart saincheist MOTAPM a choinneáil ar chlár oibre CCW agus níos mó plé a dhéanamh uirthi d’fhonn a áirithiú go mbeidh na hArdpháirtithe Conarthacha in ann leanúint de mhachnamh a dhéanamh ar an ábhar ar bhealach cuiditheach agus trédhearcach.

11. Is deis é an Séú Comhdháil Athbhreithnithe freisin chun stóinseacht airgeadais agus eagraíochtúil an Choinbhinsiúin a áirithiú, chun gur féidir iarracht a dhéanamh é a chur chun feidhme ar bhealach láidir buan. Go háirithe, aithníonn an tAontas go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí ranníocaíochtaí bliantúla ó na hArdpháirtithe Conarthacha a íoc, ina n-iomláine agus in am, chun feidhmiú éifeachtach an Choinbhinsiúin agus na bPrótacal, chomh maith le hobair an Aonaid Tacaíochta Cur Chun Feidhme, a áirithiú. Iarrann an tAontas ar na hArdpháirtithe Conarthacha uile a n-oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh go tráthúil agus iarrann sé ar gach Stát is Páirtithe a ranníocaíochtaí éigeantacha a íoc in am agus ina n-iomláine.

12. Cuireann an tAontas in iúl go dtacaíonn sé le riarachán agus cur chun feidhme CCW agus na bPrótacal a ghabhann leis, go háirithe an tAonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme, agus molann sé do na Náisiúin Aontaithe cur chun feidhme éifeachtúil éifeachtach an Choinbhinsiúin a áirithiú. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas a fhógairt go dtabharfaidh an tAontas tacaíocht airgeadais EUR 1.6 milliún thar 2 bhliain (Cinneadh (CBES) 2021/1694 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2021) chun CCW a neartú. Is comhartha soiléir polaitiúil é an cinneadh sin ón Aontas maidir leis an tosaíocht a thugann an tAontas don iltaobhachas agus d’ord domhanda riailbhunaithe, chomh maith leis an tábhacht a mheasann an tAontas a bheith ag cur chun feidhme láidir agus uiliú CCW.